POLASAÍ PRÍOBHÁIDEACHAIS GOOGLE

# Nuair a úsáideann tú ár seirbhísí, léiríonn sé sin go bhfuil iontaoibh agat asainn le d'fhaisnéis. Tuigimid gur freagracht mhór é sin agus oibrímid go dian chun d'fhaisnéis a chosaint agus smacht a thabhairt duit.

Ba cheart an Polasaí Príobháideachais seo cabhrú leat a thuiscint cén fhaisnéis a bhailímid, cén fáth a mbailímid í agus conas is féidir leat do chuid faisnéise a nuashonrú, a bhainistiú, a easpórtáil agus a scriosadh.

Má tá dlí cosanta sonraí de chuid an Aontais Eorpaigh nó na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ar phróiseáil d'fhaisnéise, is féidir leat féachaint ar an rannán thíos a bhaineann le ceanglais na hEorpa chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le do chearta agus maidir le comhlíonadh na ndlíthe sin ag Google.

Seiceáil Príobháideachais

An bhfuil fonn ort do shocruithe príobháideachais a athrú?

Tóg an tSeiceáil Phríobháideachais

---

Éifeachtach ar: 11 Nollaig 2025

Leaganacha a cuireadh i gcartlann

---

Tógaimid réimse seirbhísí a chabhraíonn leis na milliúin daoine gach lá chun iniúchadh a dhéanamh ar an domhan agus idirghníomhú leis ar bhealaí nua. I measc ár seirbhísí tá:

- Aipeanna, suíomhanna agus gléasanna Google, amhail Cuardach, YouTube agus Google Home
- Ardáin amhail brabhsálaí Chrome agus córas oibriúcháin Android
- Táirgí atá comhtháite in aipeanna agus suíomhanna tríú páirtí, amhail fógraí, anailísíocht agus Google Maps leabaithe

Is féidir leat ár seirbhísí a úsáid ar bhealaí éagsúla chun do phríobháideachas a bhainistiú. Mar shampla, is féidir leat clárú do Chuntas Google más mian leat ábhar amhail ríomhphoist agus grianghraif a chruthú agus a bhainistiú, nó torthaí cuardaigh níos ábhartha a fheiceáil. Agus is féidir leat go leor seirbhísí Google a úsáid nuair atá tú sínithe amach nó gan cuntas a chruthú in aon chor, amhail cuardach ar Google nó breathnú ar fhíseáin YouTube. Is féidir leat rogha a dhéanamh an Gréasán a bhrabhsáil i mód príobháideach, amhail Mód bréagreachta Chrome, rud a chabhraíonn le do bhrabhsáil a choinneáil príobháideach ó dhaoine eile a úsáideann do ghléas. Is féidir leat do shocruithe príobháideachais a choigeartú ar fud ár seirbhísí chun na rudaí seo a leanas a rialú: cé acu a dhéanaimid nó nach ndéanaimid roinnt cineálacha sonraí a bhailiú agus an chaoi a n-úsáidimid na sonraí sin.

Chun cabhrú le rudaí a mhíniú chomh soiléir agus is féidir, chuireamar samplaí, físeáin mhíniúcháin agus sainmhínithe do phríomhthéarmaí leis. Agus má tá aon cheist agat faoin bPolasaí Príobháideachais seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn.

FAISNÉIS A BHAILÍONN GOOGLE

## Tá fonn orainn go dtuigfidh tú na cineálacha faisnéise a bhailímid agus tú ag úsáid ár seirbhísí

Bailímid faisnéis chun seirbhísí níos fearr a sholáthar dár n-úsáideoirí uile — ó bhunrudaí a oibriú amach amhail cén teanga atá agat go dtí rudaí níos casta amhail cé na fógraí a bheidh is úsáidí agat, cé na daoine is mó tábhacht duit ar líne nó cé na físeáin YouTube a thaitneodh leat. Braitheann an fhaisnéis a bhailíonn Google agus an chaoi a n-úsáidtear

an fhaisnéis sin ar an gcaoi a n-úsáideann tú ár seirbhísí agus ar an gcaoi a mbainistíonn tú do rialuithe príobháideachais.

Nuair nach bhfuil tú sínithe isteach i gCuntas Google, déanaimid an fhaisnéis a bhailímid a stóráil le haitheantóirí uathúla ceangailte leis an mbrabhsálaí leis an bhfeidhmchlár nó leis an ngléas atá á úsáid agat. Cuireann sé seo ar ár gcumas rudaí a dhéanamh amhail do shainroghanna a chothabháil thar sheisiúin bhrabhsála, amhail do rogha teanga nó chun torthaí cuardaigh nó fógraí níos ábhartha a thaispeáint duit bunaithe ar do ghníomhaíocht.

Agus tú sínithe isteach, bailímid faisnéis a stóráilaimid le do Chuntas Google chomh maith leis sin, a gcaithimid léi mar fhaisnéis phearsanta.

## Rudaí a chruthaíonn tú nó a sholáthraíonn tú dúinn

Nuair a chruthaíonn tú Cuntas Google, soláthraíonn tú faisnéis phearsanta ina bhfuil d'ainm agus do phasfhocal. Chomh maith leis sin, is féidir leat roghnú uimhir ghutháin nó faisnéis íocaíochta a chur le do chuntas. Fiú mura bhfuil tú sínithe isteach ar Chuntas Google, b'fhéidir go roghnódh tú faisnéis a sholáthar dúinn — amhail seoladh ríomhphoist chun cumarsáid a dhéanamh le Google nó chun nuashonruithe a fháil maidir lenár seirbhísí.

Bailímid chomh maith an t-ábhar a chruthaíonn tú, a uaslódálann tú nó a fhaigheann tú ó dhaoine eile agus ár seirbhísí á n-úsáid agat. Áirítear leis sin rudaí amhail ríomhphoist a scríobhann tú agus a fhaigheann tú, grianghraif agus físeáin a shábhálann tú, doiciméid agus scarbhileoga a chruthaíonn tú, agus nótaí tráchta a dhéanann tú ar fhíseáin YouTube.

## Faisnéis a bhailímid agus tú ag úsáid ár seirbhísí

### D'aipeanna, brabhsálaithe agus gléasanna

Bailímid faisnéis faoi na haipeanna, na brabhsálaithe agus na gléasanna a úsáideann tú chun rochtain a fháil ar sheirbhísí Google, rud a chabhraíonn linn gnéithe amhail nuashonruithe uathoibríocha táirge a sholáthar agus do scáileán a laghdú má tá do chealllra ag éirí íseal.

San áireamh san fhaisnéis a bhailímid tá aitheantóirí uathúla, cineál agus socruithe brabhsálaí, cineál agus socruithe gléis, córas oibriúcháin, faisnéis maidir le líonra móibíleach lena n-áirítear ainm iompróra agus uimhir ghutháin agus uimhir leagain feidhmchláir. Bailímid faisnéis a bhaineann le hidirghníomhaíocht d'aipeanna, do bhrabhsálaithe agus do ghléasanna lenár seirbhísí freisin, lena n-áirítear seoladh IP, tuairiscí tuairteála agus gníomhaíocht chórais chomh maith le dáta, am agus URL tagróra d'iarratais.

Bailímid an fhaisnéis sin nuair a dhéanann seirbhís Google ar do ghléas teagmháil lenár bhfreastalaithe – mar shampla, nuair a shuiteálann tú aip ó Play Store nó nuair a sheiceálann seirbhís le haghaidh nuashonruithe uathoibríocha. Má tá gléas Android a bhfuil aipeanna Google air in úsáid agat, déanann do ghléas teagmháil le freastalaithe Google go tréimhsiúil chun faisnéis a chur ar fáil maidir le do ghléas agus chun nascadh lenár seirbhísí. San áireamh san fhaisnéis sin, tá rudaí amhail do chineál gléis agus ainm d'iompróra, tuairiscí tuairteála, cé na haipeanna a shuiteáil tú agus, ag brath ar shocruithe do ghléis, faisnéis eile maidir leis an gcaoi a bhfuil do ghléas Android á úsáid agat.

## Do Ghníomhaíocht

Bailímid faisnéis faoi do ghníomhaíocht inár seirbhísí, a úsáidimid chun rudaí a dhéanamh cosúil le físeán YouTube a mholadh a thaitneodh leat. B'fhéidir leis na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san fhaisnéis ghníomhaíochta a bhailímid:

- Téarmaí a chuardaíonn tú
- Físeáin a bhféachann tú orthu
- Amhairc agus idirghníomhaíochtaí le hábhar agus fógraí
- Faisnéis ghutha agus fuaime
- Gníomhaíocht ceannachán
- Daoine lena ndéanann tú cumarsáid nó lena gcomhroinneann tú ábhar
- Gníomhaíocht ar shuíomhanna agus aipeanna tríú páirtí a úsáideann ár seirbhísí
- Stair bhrabhsála Chrome a shioncronaigh tú le do Chuntas Google

Má bhaineann tú úsáid as ár seirbhísí chun glaonna a chur agus a fháil nó chun teachtaireachtaí a sheoladh agus a fháil, is féidir go mbaileoimid faisnéis loga glaonna

agus teachtaireachtaí amhail d'uimhir ghutháin, uimhir an pháirtí a chuireann glao, uimhir an pháirtí a fhaigheann glao, uimhreacha cur ar aghaidh, seoladh ríomhphoist an tseoltóra agus an fhaighteora, am agus dáta glaonna agus teachtaireachtaí, fad glaonna, faisnéis ródúcháin agus cineál agus líon glaonna agus teachtaireachtaí.

Is féidir leat cuairt a thabhairt ar do Chuntas Google chun faisnéis ghníomhaíochta atá sábháilte i do chuntas a bhainistiú.

Téigh chuig Cuntas Google

## D'fhaisnéis suímh

Bailímid faisnéis suímh nuair a úsáideann tú ár seirbhísí, rud a chabhraíonn linn gnéithe a thairiscint mar threoracha tiomána, torthaí cuardaigh le haghaidh rudaí in aice leat agus fógraí bunaithe ar do shuíomh.

Ag brath ar na táirgí atá á n-úsáid agat agus ar na socruithe a roghnaíonn tú, d'fhéadfadh Google cineálacha éagsúla faisnéise suímh a úsáid chun cabhrú roinnt seirbhísí a úsáideann tú a dhéanamh níos úsáidí. Ina measc tá:

- GPS agus sonraí braiteora eile ó do ghléas
- Seoladh IP
- Gníomhaíocht ar sheirbhísí Google, amhail ó do chuardaigh nó ó áiteanna a lipéadaíonn tú, amhail baile nó obair
- Faisnéis maidir le rudaí atá in aice le do ghléas, amhail pointí rochtana Wi-Fi, crainn cumarsáide guthán móibíleach agus gléasanna cumasaithe do Bluetooth

Braitheann na cineálacha sonraí suímh a bhailímid agus cé chomh fada a stórálaimid iad go páirteach ar do shocruithe gléis agus cuntais. Mar shampla, is féidir leat suíomh do ghléis Android a chur ar siúl nó a mhúchadh trí aip socruithe an ghléis a úsáid. Is féidir leat Timeline a chur ar siúl chomh maith más mian leat léarscáil phríobháideach a chruthú de na háiteanna a dtéann tú le do ghléasanna atá sínithe isteach. Agus má tá do shocrú Gníomhaíochta Gréasáin agus Aipe cumasaithe, déantar do chuardaigh agus gníomhaíocht eile ó sheirbhísí Google, ina bhféadfadh faisnéis suímh a bheith san áireamh freisin, a shábháil ar do Chuntas Google. Faigh tuilleadh faisnéise faoin gcaoi a n-úsáidimid faisnéis suímh.

I gcúinsí áirithe, bailíonn Google faisnéis fút ó fhoinsí atá inrochtana go poiblí. Mar shampla, má tá d'ainm le feiceáil i do nuachtán áitiúil, féadfaidh inneall cuardaigh Google an t-alt sin a innéacsú agus é a thaispeáint do dhaoine eile má chuardaíonn siad d'ainm. Is féidir linn faisnéis fút a bhailiú freisin ó chomhpháirtithe iontaofa amhail seirbhísí eolaire a sholáthraíonn faisnéis ghnó dúinn atá le taispeáint ar sheirbhísí Google, comhpháirtithe margaíochta a sholáthraíonn faisnéis dúinn faoi ábhair chustaiméirí dár seirbhísí gnó agus comhpháirtithe slándála a sholáthraíonn faisnéis dúinn chun cosaint i gcoinne mí-úsáide. Faighimid faisnéis freisin ó chomhpháirtithe chun seirbhísí fógraíochta agus taighde a sholáthar ar a son.

Úsáidimid teicneolaíochtaí éagsúla chun faisnéis a bhailiú agus a stóráil, lena n-áirítear fianáin, clibeanna picteilíní agus stóras áitiúil, amhail stóras gréasáin brabhsálaí nó taiscí sonraí aipe, bunachair sonraí agus logaí freastalaí.

CÉN FÁTH A MBAILÍONN GOOGLE SONRAÍ

## Úsáidimid sonraí chun seirbhísí níos fearr a fhorbairt

Úsáidimid an fhaisnéis a bhailímid ónár seirbhísí ar fad chun na gcríoch seo a leanas:

### Ár seirbhísí a sholáthar

Bainimid úsáid as d'fhaisnéis chun ár seirbhísí a sholáthar, mar shampla déanaimid na téarmaí a chuardaíonn tú a phróiseáil chun torthaí a thabhairt duit nó chun cabhrú leat ábhar a chomhroinnt trí fhaighteoirí ó do theagmhálaithe a mholadh.

### Ár seirbhísí a choinneáil agus a fheabhsú

Úsáidimid d'fhaisnéis freisin chun a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí ag obair mar a bhí beartaithe, mar shampla bristeacha a rianú nó fadhbanna a thuairiscíonn tú dúinn a fhabhtcheartú. Agus bainimid úsáid as d'fhaisnéis chun feabhsuithe a dhéanamh ar ár seirbhísí – mar shampla, cabhraíonn tuiscint ar na téarmaí cuardaigh is minice a mhílitrítear linn feabhas a chur ar ghnéithe seiceála litrithe a úsáidtear ar fud ár seirbhísí.

## Seirbhísí nua a fhorbairt

Bainimid úsáid as an bhfaisnéis a bhailímid sna seirbhísí atá ann cheana féin chun cabhrú linn cinn nua a fhorbairt. Mar shampla, trí thuiscint a fháil ar conas a d'eagraigh daoine a ngrianghraif in Picasa, an chéad aip grianghraf de chuid Google, cabhraíodh linn Google Photos a dhearadh agus a sheoladh.

## Seirbhísí oiriúnaithe a sholáthar, lena n-áirítear ábhar agus fógraí

Bainimid úsáid as an bhfaisnéis a bhailímid chun ár seirbhísí a shaincheapadh duit, lena n-áirítear moltaí, ábhar oiriúnaithe agus torthaí cuardaigh saincheaptha a sholáthar. Mar shampla, cuireann Seiceáil Slándála noda slándála ar fáil atá in oiriúint don chaoi a n-úsáideann tú táirgí Google. Agus, ag brath ar do shocruithe atá ar fáil, is féidir le Google Play úsáid a bhaint as faisnéis amhail aipeanna atá suiteáilte agat cheana féin agus físeáin ar fhéach tú orthu ar YouTube chun aipeanna nua a mholadh a thaitneodh leat

Ag brath ar do shocruithe, b'fhéidir go dtaispeánfaimid fógraí oiriúnaithe duit atá bunaithe ar do spéiseanna agus ar do ghníomhaíocht ar fud sheirbhísí Google. Mar shampla, má chuardaíonn tú "rothair shléibhe", b'fhéidir go bhfeicfidh tú fógraí do threalamh spóirt ar YouTube. Is féidir leat an fhaisnéis a úsáidimid chun fógraí a thaispeáint duit a rialú trí chuairt a thabhairt ar do shocruithe fógraí i Mo Lárionad Fógraí.

- Ní thaispeánaimid fógraí oiriúnaithe duit atá bunaithe ar chatagóirí íogaire amhail cine, reiligiún, gnéaschlaonadh nó sláinte.
- Ní thaispeánaimid fógraí oiriúnaithe duit bunaithe ar d'ábhar ó Drive, Gmail nó Photos.
- Ní chomhroinnimid faisnéis a aithníonn tú go pearsanta le fógróirí, amhail d'ainm nó do sheoladh ríomhphoist, mura n-iarrann tú orainn amhlaidh a dhéanamh. Mar shampla, má fheiceann tú fógra do shiopa bláthanna in aice láimhe agus má

roghnaíonn tú an cnaipe "tapáil chun glaoch", nascfaimid do ghlao agus féadfaimid d'uimhir ghutháin a chomhroinnt leis an siopa bláthanna.

Téigh chuig Mo Lárionad Fógraí

## Feidhmíocht a thomhas

Úsáidimid sonraí d'anailísíocht agus do thomhas chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear ár seirbhísí. Mar shampla, déanaimid anailís ar shonraí maidir le do chuairteanna ar ár suíomhanna chun rudaí a dhéanamh amhail dearadh táirgí a fheabhsú. Úsáidimid sonraí chomh maith maidir leis na fógraí a n-idirghníomhaíonn tú leo, lena n-áirítear do ghníomhaíocht Chuardaigh Google bhainteach, chun cabhrú le fógróirí feidhmíocht a bhfeachtas fógraíochta a thuiscint. Úsáidimid réimse uirlisí leis sin a dhéanamh, Google Analytics san áireamh. Nuair a thugann tú cuairt ar shuíomhanna nó nuair a úsáideann tú aipeanna a úsáideann Google Analytics, d'fhéadfadh custaiméir Google Analytics an rogha a dhéanamh le Google a chumasú chun faisnéis maidir le do ghníomhaíocht ón suíomh sin nó ón aip a nascadh le gníomhaíocht ón suíomhanna nó ó aipeanna eile a úsáideann ár seirbhísí fógraí.

## Cumarsáid a dhéanamh leat

Úsáidimid faisnéis a bhailímid, amhail do sheoladh ríomhphoist, chun idirghníomhú leat go díreach. Mar shampla, d'fhéadfaimis fógra a sheoladh chugat má bhraithimid gníomhaíocht amhrasach, amhail má dhéantar iarracht síniú isteach ar do Chuntas Google ó shuíomh neamhghnách. Nó d'fhéadfaimis tú a chur ar an eolas faoi athruithe nó feabhsuithe ar ár seirbhísí atá le teacht. Agus má dhéanann tú teagmháil le Google, coinneoimid taifead de d'iarratas chun cabhrú le haon fhadhb a d'fhéadfadh a bheith agat a réiteach.

## Google, ár n-úsáideoirí agus an pobal a chosaint

Úsáidimid faisnéis chun cabhrú le sábháilteacht agus iontaofacht ár seirbhísí a fheabhsú. Áirítear leis sin gníomhartha braith, coisc agus freagartha a dhéanamh ar chalaois, mí-úsáid, rioscaí slándála agus ceisteanna teicniúla a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do Google, dár n-úsáideoirí, nó don phobal.

Úsáidimid teicneolaíochtaí difriúla chun d'fhaisnéis a phróiseáil chun na gcríoch sin. Úsáidimid córais uathoibrithe a anailísíonn d'ábhar chun rudaí a sholáthar duit amhail torthaí saincheaptha cuardaigh, fógraí oiriúnaithe nó gnéithe eile atá curtha in oiriúint don chaoi a n-úsáideann tú ár seirbhísí. Agus déanaimid ár n-ábhar a anailísiú chun cabhrú linn mí-úsáid a bhraith, amhail turscar, bogearraí mailíseacha agus ábhar mídhleathach. Úsáidimid algartaim chomh maith chun pátrúin i sonraí a aithint. Mar shampla, cabhraíonn Aistriúchán Google le daoine cumarsáid a dhéanamh ar fud teangacha trí phatrúin choitianta teanga a bhrath sna frásaí a iarrann tú air a aistriú.

Féadfaimid úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bhailímid ar fud ár seirbhísí agus ar fud do ghléasanna chun na gcríoch arna míniú thuas. Mar shampla, ag brath ar na socruithe atá ar fáil duit, má bhreathnaíonn tú ar fhíseáin de sheinnteoirí giotáir ar YouTube, féadfar fógra do cheachtanna giotáir a fheiceáil ar shuíomh a úsáideann ár dtáirgí fógraí. Ag brath ar do shocruithe cuntais, féadfar do ghníomhaíocht ar shuíomhanna agus aipeanna eile a cheangal le d'fhaisnéis phearsanta chun seirbhísí Google agus na fógraí a sheachadann Google a fheabhsú.

Má tá do sheoladh ríomhphoist, nó faisnéis eile a chuireann d'aitheantas in iúl, ag úsáideoirí eile cheana féin, is féidir go dtaispeánfaimid d'fhaisnéis Chuntais Google atá le feiceáil go poiblí dóibh, amhail d'ainm agus do ghrianghraf. Cabhraíonn seo le daoine ríomhphost atá ag teacht uait a aithint, mar shampla.

Iarrfaimid do thoiliú sula n-úsáidfimid d'fhaisnéis chun críche nach bhfuil clúdaithe sa Pholasaí Príobháideachais seo.

DO RIALUITHE PRÍOBHÁIDEACHAIS

## Tá roghanna agat maidir leis an bhfaisnéis a bhailímid agus conas a úsáidtear í

Déantar cur síos sa rannán seo ar phríomhrialuithe chun do phríobháideachas a bhainistiú ar fud ár seirbhísí. Is féidir leat cuairt a thabhairt freisin ar an tSeiceáil Phríobháideachais, a thugann deis chun socruithe tábhachtacha príobháideachais a

athbhreithniú agus a choigeartú. Mar aon leis na huirlisí seo, déanaimid socruithe príobháideachais ar leith a thairiscint inár dtáirgí chomh maith; is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil inár dTreoirleabhar Príobháideachais Tháirgí.

Téigh go dtí an tSeiceáil Príobháideachais

# Do chuid faisnéise a bhainistiú, a athbhreithniú agus a nuashonrú

Nuair a bhíonn tú sínithe isteach, is féidir leat faisnéis a athbhreithniú agus a nuashonrú i gcónaí trí chuairt a thabhairt ar na seirbhísí a úsáideann tú. Mar shampla, tá Photos agus Drive deartha chun cabhrú leat cineálacha sonracha ábhair atá sábháilte agat le Google a bhainistiú.

Thógamar áit duit freisin chun faisnéis atá sábháilte i do Chuntas Google a athbhreithniú agus a rialú. Áirítear le do Chuntas Google:

## Rialuithe príobháideachais

### Rialuithe gníomhaíochta

Cinntear ann na cineálacha gníomhaíochta ba mhaith leat a shábháil ar do chuntas. Mar shampla, má tá Stair YouTube curtha ar siúl agat, déantar na físeáin a fhéachann tú orthu agus na rudaí a chuardaíonn tú a shábháil i do chuntas ionas gur féidir leat moltaí níos fearr a fháil agus cuimhneamh ar an áit ar chríochnaigh tú. Má tá Gníomhaíocht Ghréasáin agus Aipe curtha ar siúl agat, déantar do chuardaigh agus do ghníomhaíocht ó sheirbhísí Google eile a shábháil i do chuntas ionas gur féidir leat eispéiris níos oiriúnaithe a fháil cosúil le cuardaigh níos tapa agus moltaí aipe agus ábhair níos úsáidí. Tá fo-thacar ag Gníomhaíocht Gréasáin agus Aipe freisin a ligeann duit rialú a dhéanamh ar cibé an ndéantar faisnéis faoi do ghníomhaíocht ar shuíomhanna, aipeanna agus gléasanna eile a úsáideann seirbhísí Google, amhail aipeanna a shuiteálann agus a úsáideann tú ar Android, a shábháil i do Chuntas Google agus a úsáid chun seirbhísí Google a fheabhsú.

Téigh chuig Rialtáin Gníomhaíochta

### Socruithe fógraí

Bainistigh do shainroghanna maidir leis na fógraí a thaispeántar duit ar Google agus ar shuíomhanna agus aipeanna atá i gcomhpháirtíocht le Google chun fógraí a thaispeáint. Is féidir leat d'ábhair spéise a mhionathrú, cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil d'fhaisnéis phearsanta in úsáid chun fógraí a dhéanamh níos ábhartha duit, agus chun seirbhísí fógraíochta áirithe a chur ar siúl agus a mhúchadh.

Téigh chuig Mo Lárionad Fógraí

### Fút

Bainistigh faisnéis phearsanta i do Chuntas Google agus rialaigh cé na daoine atá in ann í a fheiceáil thar sheirbhísí Google.

Téigh go dtí Fút

### Moltaí comhroinnte

Déan cinneadh cé acu a thaispeánfar nó nach dtaispeánfar d'ainm agus do ghrianghraf in aice le do ghníomhaíocht, amhail léirmheasanna agus moltaí, a thagann aníos i bhfógraí.

Téigh chuig Moltaí Comhroinnte

### Suíomhanna agus aipeanna a úsáideann seirbhísí Google

Bainistigh faisnéis a fhéadfaidh suíomhanna gréasáin agus aipeanna a úsáideann seirbhísí Google, amhail Google Analytics, a chomhroinnt le Google nuair a thugann tú cuairt orthu nó nuair a idirghníomhaíonn tú lena gcuid seirbhísí.

Téigh chuig An chaoi a n-úsáideann Google faisnéis ó shuíomhanna nó aipeanna a úsáideann ár seirbhísí

## Bealaí chun d'fhaisnéise a athbhreithniú agus a nuashonrú

### Mo Ghníomhaíocht

Ligeann Mo Ghníomhaíocht duit sonraí atá sábháilte ar do Chuntas Google a athbhreithniú agus a rialú nuair atá tú sínithe isteach agus seirbhísí Google in úsáid agat, amhail cuardaigh a rinne tú nó do chuairteanna ar Google Play. Is féidir leat brabhsáil de réir dáta agus topaice agus do ghníomhaíocht a scriosadh i bpáirt nó ina hiomláine.

Téigh chuig Mo Ghníomhaíocht

---

### Painéal Google

Ceadaíonn Google Dashboard duit faisnéis a bhaineann le táirgí sonracha a bhainistiú.

Téigh chuig Dashboard

---

### D'fhaisnéis phearsanta

Bainistigh d'fhaisnéis teagmhála, amhail d'ainm, do sheoladh ríomhphoist agus d'uimhir ghutháin.

Téigh chuig Faisnéis Phearsanta

---

Agus tú sínithe amach, is féidir leat faisnéis a bhainistiú atá ceangailte le do bhrabhsálaí nó do ghléas, lena n-áirítear:

- Oiriúnú cuardaigh sínithe amach: Roghnaigh cé acu a úsáidtear do ghníomhaíocht chuardaigh chun torthaí agus moltaí níos ábhartha a thairiscint duit nó nach n-úsáidtear.
- Socruithe YouTube: Cuir Stair na gCuardach YouTube agus do Stair Féachana YouTube ar sos nó scrios iad.
- Socruithe fógraí: Bainistigh do shainroghanna maidir leis na fógraí a thaispeántar duit ar Google agus ar shuíomhanna agus aipeanna a oibríonn i gcomhpháirtíocht le Google chun fógraí a thaispeáint.

## D'fhaisnéis a easpórtáil, a bhaint agus a scriosadh

Is féidir leat cóip d'ábhar ó do Chuntas Google a easpórtáil más mian leat cóip cúltaca a dhéanamh de nó é a úsáid le seirbhís lasmuigh de Google.

---

Easpórtáil do shonraí

---

Chun d'fhaisnéis a scriosadh, is féidir leat:

- D'ábhar a scriosadh ó sheirbhísí sonracha Google
- Cuardaigh agus ansin scrios míreanna ar leith ó do chuntas le Mo Ghníomhaíocht
- Táirgí sonracha Google a scriosadh, lena n-áirítear d'fhaisnéis a bhaineann leis na táirgí sin
- Scrios do Chuntas Google iomlán

---

Scrios d'ábhar

---

Ligeann an Bainisteoir Cuntas Neamhghníomhach duit rochtain a thabhairt do dhuine eile ar chodanna de do Chuntas Google sa chás nach féidir leat do chuntas a úsáid gan choinne.

Ar deireadh, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar ábhar a bhaint de sheirbhísí Google ar leith de réir an dlí is infheidhme agus ár bpolasaithe.

---

Tá bealaí eile ann chun an fhaisnéis a bhailíonn Google a rialú is cuma cé acu atá tú a sínithe isteach ar Chuntas Google nó nach bhfuil, lena n-áirítear:

- Socruithe brabhsálaí: Mar shampla, is féidir leat do bhrabhsálaí a chumrú chun a chur in iúl nuair a shocraíonn Google fianán i do bhrabhsálaí. Is féidir leat do bhrabhsálaí a chumrú freisin chun bac a chur ar gach fianán ó fhearann ar leith nó ó gach fearann. Ach cuimhnigh go mbraitheann ár seirbhísí ar fhianáin chun feidhmiú mar is ceart, mar shampla chun cuimhneamh ar do roghanna teanga.

- Socruithe ar leibhéal an ghléis: Is féidir go bhfuil rialuithe ag do ghléas a shocraíonn an fhaisnéis a bhailímid. Mar shampla, is féidir leat socruithe suímh a mhionathrú ar do ghléas Android.

---

D'FHAISNÉIS A CHOMHROINNT

# Nuair a chomhroinneann tú do chuid faisnéise

Ligeann go leor dár seirbhísí duit faisnéis a chomhroinnt le daoine eile agus tá smacht agat ar an gcaoi a gcomhroinneann tú í. Mar shampla, is féidir leat físeáin a chomhroinnt ar YouTube go poiblí nó cinneadh a dhéanamh do chuid físeáin a choinneáil príobháideach. Nuair a chomhroinneann tú faisnéis go poiblí, cuimhnigh go bhféadfadh d'ábhar éirí inrochtana ar innill chuardaigh, lena n-áirítear Cuardach Google.

Nuair atá tú sínithe isteach agus nuair a idirghníomhaíonn tú le roinnt seirbhísí Google, amhail nótaí tráchta a fhágáil ar fhíseán YouTube nó léirmheas a dhéanamh ar aip in Play, feictear d'ainm agus do ghrianghraf in aice le do ghníomhaíocht. Féadfaimid an fhaisnéis sin a thaispeáint i bhfógraí chomh maith ag brath ar do shocrú maidir le Moltaí comhroinnte.

# Cathain a chomhroinneann Google d'fhaisnéis

Ní chomhroinnimid d'fhaisnéis phearsanta le cuideachtaí, eagraíochtaí nó daoine aonair lasmuigh de Google ach amháin sna cásanna seo a leanas:

## Le do thoiliú

Comhroinnfimid faisnéis phearsanta lasmuigh de Google ach do thoiliú a bheith againn. Mar shampla, má úsáideann tú Google Home chun áirithint a dhéanamh trí sheirbhís áirithinte, gheobhaimid do chead sula gcomhroinnfimid d'ainm nó d'uimhir ghutháin leis an mbialann. Soláthraímid rialuithe duit chomh maith leis sin chun athbhreithniú agus bainistiú a dhéanamh ar aipeanna agus suíomhanna tríú páirtí ar thug tú rochtain dóibh

ar shonraí i do Chuntas Google. Iarrfaimid toiliú sainráite ort chun aon fhaisnéis phearsanta íogair a roinnt.

## Le riarthóirí fearainn

Más mac léinn thú nó má oibríonn tú d'eagraíocht a úsáideann seirbhísí Google, beidh rochtain ag do riarthóir fearainn agus ag athdhíoltóirí a bhainistíonn do Chuntas Google ar do Chuntas Google. B'fhéidir go mbeidh siad in ann:

- Rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte i do chuntas, amhail do sheoladh ríomhphoist, agus í a choinneáil
- Féach ar staitisticí maidir le do chuntas, cosúil le cé mhéad aipeanna a shuiteálann tú
- Pasfhocal do chuntais a athrú
- An rochtain chuntais agat a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh
- Faigh do chuid faisnéise cuntais chun an dlí, rialachán, próiseas dlíthiúil nó iarratas infheidhmithe rialtais atá bainteach a shásamh
- Srian a chur le do chumas i dtaca le d'fhaisnéis nó do shocruithe príobháideachais a scriosadh nó a chur in eagar

## Le haghaidh próiseáil sheachtrach

Soláthraímid faisnéis phearsanta dár gcleamhnaithe agus gnólachtaí nó daoine iontaofa eile lena próiseáil dúinn de réir ár dtreoracha agus i gcomhréir lenár bPolasaí Príobháideachais agus aon bheart cuí eile rúndachta agus slándála. Mar shampla, bainimid úsáid as soláthraithe seirbhíse chun cabhrú lenár lárionaid sonraí a oibriú, ár dtáirgí agus ár seirbhísí a fhorbairt, ár bpróisis ghnólachta inmheánacha a fheabhsú agus chun tacaíocht bhreise a thairiscint do chustaiméirí agus d'úsáideoirí. Úsáidimid soláthraithe seirbhíse freisin chun cabhrú ábhar físe YouTube a athbhreithniú ar mhaithe le sábháilteacht an phobail agus déanaimid anailís ar shamplaí d'fhuaim úsáideora a sábháladh agus éistimid leo chun cabhrú teicneolaíochtaí aitheanta fuaime Google a fheabhsú.

## Chun críocha dlí

Comhroinnfimid faisnéis phearsanta lasmuigh de Google má chreidimid le meon macánta go bhfuil nochtadh na faisnéise réasúnta riachtanach chun:

- Freagra a thabhairt ar aon dlí, rialachán, próiseas dlí nó iarratas rialtais in-fhorfheidhmithe. Roinnimid faisnéis faoi líon agus cineál na n-iarratas a fhaighimid ó rialtais inár dTuarascáil Trédhearcachta.
- Téarmaí Seirbhíse infheidhme a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sáruithe féideartha a fhiosrú.
- Fadhbanna calaoise, teicniúla nó slándála a bhrath, a chosc nó, seachas sin, dul i ngleic leo.
- Cosaint ar dhochar do chearta, maoin nó sábháilteacht Google, ár n-úsáideoirí nó an phobail.

Is féidir go gcomhroinnfimid faisnéis nach faisnéis inaitheanta phearsanta í go poiblí agus lenár bpáirtithe – amhail foilsitheoirí, fógróirí, forbróirí nó sealbhóirí cearta. Mar shampla, comhroinnfimid faisnéis go poiblí chun treochtaí maidir le húsáid ghinearálta ár seirbhísí a thaispeáint. Chomh maith leis sin, ceadaímid do chomhpháirtithe áirithe faisnéis a bhailiú ó do bhrabhsálaí nó do ghléas chun críocha fógraíochta agus tomhais ag baint úsáid as a bhfianáin féin nó teicneolaíochtaí cosúla.

Má ghlacann Google páirt i gcumasc, ceannach nó díol sócmhainní, leanfaimid ar aghaidh ag cinntiú rúndacht d'fhaisnéise pearsanta agus tabharfaimid fógra do na húsáideoirí atá i gceist sular aistrítear faisnéis phearsanta nó sula mbeidh sí faoi réir ag polasaí príobháideachais éagsúil.

D'FHAISNÉIS A CHOINNEÁIL SLÁN

## Cuirimid slándáil san áireamh inár seirbhísí chun d'fhaisnéis a chosaint

Tógtar gach táirge Google le gnéithe slándála láidre a chosnaíonn d'fhaisnéis go leanúnach. Cabhraíonn an léargas a fhaighimid ó riaradh ár seirbhísí le bagairtí slándála

a bhrath agus le bac a chur orthu go huathoibríoch sula dtagann siad chomh fada leatsa. Agus má bhraithimid rud éigin contúirteach a cheapaimid gur cheart go mbeadh sé ar eolas agat, tabharfaimid fógra duit agus cabhróimid leat na céimeanna a chur i gcrích chun fanacht níos sábháilte.

Oibrímid go crua chun tusa agus Google a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, athrú, faisnéisiú nó scrios faisnéise a choinnímid, lena n-áirítear:

- Bainimid úsáid as criptiúchán chun do shonraí a choinneáil príobháideach agus iad á mbogadh
- Cuirimid réimse gnéithe slándála ar fáil, cosúil le Brabhsáil Shábháilte, Seiceáil Slándála, agus Fíorú 2 Chéim chun cabhrú leat do chuntas a chosaint
- Déanaimid athbhreithniú ar ár gcleachtais bailithe, stórála agus próiseála faisnéise, lena n-áirítear na bearta slándála fisiciúla, chun rochtain neamhúdaraithe ar ár gcórais a chosc
- Cuirimid srian ar rochtain ar fhaisnéis phearsanta d'fhostaithe, do chonraitheoirí agus do ghníomhairí Google a dteastaíonn an fhaisnéis sin uathu chun í a phróiseáil. Tá duine ar bith a bhfuil an rochtain sin acu faoi réir dianoibleagáidí rúndachta conarthacha agus is féidir iad a smachtú nó scaoileadh leo má theipeann orthu na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

D'FHAISNÉIS A EASPÓRTÁIL AGUS A SCRIOSADH

## Is féidir leat cóip de d'fhaisnéis a easpórtáil nó í a scriosadh ó do Chuntas Google ag aon am

Is féidir leat cóip d'ábhar ó do Chuntas Google a easpórtáil más mian leat cóip cúltaca a dhéanamh de nó é a úsáid le seirbhís lasmuigh de Google.

Easpórtáil do shonraí

Chun d'fhaisnéis a scriosadh, is féidir leat:

- D'ábhar a scriosadh ó sheirbhísí sonracha Google
- Cuardaigh agus ansin scrios míreanna ar leith ó do chuntas le Mo Ghníomhaíocht
- Táirgí sonracha Google a scriosadh, lena n-áirítear d'fhaisnéis a bhaineann leis na táirgí sin
- Scrios do Chuntas Google iomlán

**Scrios d'ábhar**

D'FHAISNÉIS A CHOINNEÁIL

Coinnímid na sonraí a bhailímid ar feadh tréimhsí ama difriúla ag brath ar céard atá iontu, an chaoi a n-úsáidimid iad agus an chaoi a gcumraíonn tú do shocruithe:

- Is féidir leat roinnt sonraí a scriosadh aon uair is mian leat, amhail d'fhaisnéis phearsanta nó an t-ábhar a chruthaíonn tú nó a uaslódálann tú, amhail grianghraif agus doiciméid. Is féidir leat faisnéis ghníomhaíochta atá sábháilte ar do chuntas a scriosadh, nó is féidir leat an rogha a dhéanamh í a scriosadh go huathoibríoch tar éis tréimhse socraithe ama. Coinneoimid na sonraí sin i do Chuntas Google go dtí go mbainfidh tú iad nó go roghnóidh tú iad a bhaint.
- Baintear nó anaithnidítear sonraí eile, amhail sonraí fógraíochta i logaí freastalaí, go huathoibríoch tar éis achar ama áirithe.
- Coinnímid roinnt sonraí go dtí go scriosann tú do Chuntas Google, mar shampla faisnéis faoi cé chomh minic a úsáideann tú ár seirbhísí.
- Lena chois sin, coinnímid roinnt sonraí ar feadh tréimhsí níos faide nuair is gá chun críocha dlisteanacha gnó nó dlí, amhail slándáil, calaois agus mí-úsáid a chosc nó taifid airgeadais a choinneáil.

Nuair a scriosann tú sonraí, leanaimid próiseas scriosta chun a chinntiú go mbaintear do shonraí go slán agus go hiomlán dár bhfreastalaithe nó go gcoinnítear iad i bhfoirm anaithnidithe. Déanaimid iarracht a chinntiú go gcosnaíonn ár seirbhísí faisnéis ó scriosadh de thaisme nó mailíseach. Mar gheall air sin, is féidir moill a bheith ann idir an t-am a scriosann tú rud éigin agus an t-am a scriostar cóipeanna ónár gcórais ghníomhacha agus chúltaca.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi thréimhsí coinneála sonraí Google, lena n-áirítear cé chomh fada agus a thógann sé orainn d'fhaisnéis a scriosadh.

---

COMHLÍONADH AGUS COMHOIBRIÚ LE RIALTÓIRÍ

Déanaimid athbhreithniú rialta ar an bPolasaí Príobháideachais seo agus déanaimid cinnte go bpróiseálaimid do chuid faisnéise ar bhealaí a chomhlíonann é.

## Aistrithe sonraí

Tá freastalaithe againn timpeall an domhain agus d'fhéadfaí d'fhaisnéis a phróiseáil ar fhreastalaithe atá lonnaithe taobh amuigh den tír ina bhfuil cónaí ort. Athraíonn dlíthe cosanta sonraí ó thír go tír, agus níos mó cosanta á tabhairt ag cuid acu ná tíortha eile. Beag beann ar an áit a bpróiseáiltear d'fhaisnéis, cuirimid na cosaintí céanna atá mínithe sa pholasaí seo i bhfeidhm. Comhlíonaimid creataí dlí áirithe a bhaineann le haistriú sonraí chomh maith.

Nuair a fhaighimid gearáin fhoirmiúla i scríbhinn, tugaimid freagra trí theagmháil a dhéanamh leis an duine a rinne an gearán. Oibrímid leis na húdaráis rialála chuí, lena n-áirítear údaráis áitiúla cosanta sonraí, chun aon ghearáin maidir le haistriú do shonraí nach féidir linn a réiteach leat go díreach.

## Ceanglais Eorpacha

## An chaoi le do chearta a fheidhmiú agus le dul i dteagmháil le Google

Má bhaineann dlí um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh (AE) nó na Ríochta Aontaithe (RA) le próiseáil d'fhaisnéise, cuirfimid na rialuithe a shonraítear sa pholasaí seo ar fáil ionas gur féidir leat do chearta a fheidhmiú chun rochtain a iarraidh ar d'fhaisnéis, í a nuashonrú, í a bhaint agus srian a chur lena próiseáil. Tá an ceart agat cur i gcoinne phróiseáil d'fhaisnéise nó d'fhaisnéis a easpórtáil chuig seirbhís eile chomh maith.

Má tá tuilleadh ceisteanna nó iarratais agat maidir le do chearta, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Google agus lenár n-oifig cosanta sonraí. Agus is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil cosanta sonraí chomh maith má bhíonn imní ort maidir le do chearta faoin dlí áitiúil.

## Rialaitheoir sonraí

Mura gcuirtear in iúl a mhalairt i bhfógra príobháideachais a bhaineann go sonrach le seirbhís, braitheann an rialtóir sonraí atá freagrach as próiseáil d'fhaisnéise ar an áit a bhfuil tú lonnaithe:

- Google Ireland Limited le haghaidh úsáideoirí seirbhísí Google atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis, atá lonnaithe ag Gordon House, Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4, Éire.
- Google LLC le haghaidh úsáideoirí seirbhísí Google atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, atá lonnaithe ag 1600 Amphitheatre Parkway, Mountain View, California 94043, SAM.

Is é Google LLC an rialtóir sonraí atá freagrach as próiseáil faisnéise a innéacsaítear agus a thaispeántar i seirbhísí amhail Cuardach Google agus Google Maps beag beann ar do shuíomh. Is é Google Ireland Limited an rialtóir sonraí atá freagrach as faisnéis a phróiseáil chun oiliúint a chur ar shamhlacha Google AI ionas gur féidir na samhlacha sin a úsáid i seirbhísí a sholáthraíonn Google Ireland Limited sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

## Bunanna dlíthiúla próiseála

Próiseálaimid d'fhaisnéis chun na gcríoch a mhínítear sa pholasaí seo, bunaithe ar na cúiseanna dlí seo a leanas:

- Próiseálaimid do shonraí chun seirbhís ar iarr tú í a chur ar fáil faoi chonradh.
- Próiseálaimid do shonraí dár sainleasanna dlisteanacha agus sainleasanna tríú páirtithe agus cosaintí cuí á gcur i bhfeidhm againn a chosnaíonn do phríobháideachas.
- Próiseálaimid do shonraí nuair is gá chun do leasanna ríthábhachtacha nó leasanna ríthábhachtacha duine eile a chosaint.
- Próiseálaimid do shonraí nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil orainn amhlaidh a dhéanamh.
- Iarraimid do thoiliú chun do shonraí a phróiseáil chun críocha sonracha agus tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar ag am ar bith.

Socróidh an chaoi a n-úsáideann tú seirbhísí Google agus do shocruithe príobháideachais cé na sonraí a phróiseáilfear, na críocha dá bpróiseáilfear na sonraí sin agus an bunús dlí a bheidh leis an bpróiseáil sonraí. Déantar míniú níos mionsonraithe sa tábla thíos ar na críocha próiseála sin, na cineálacha sonraí a phróiseáiltear agus na cúiseanna dlí a bhaineann le próiseáil na sonraí sin.

| An fáth agus an chaoi a bpróiseálaimid sonraí | Na sonraí a phróiseáiltear | Cúiseanna dlí |
|---|---|---|
| **Seirbhísí, táirgí agus gnéithe Google a sholáthar**<br><br>Samplaí de ghníomhaíochtaí próiseála:<br>• Próiseálaimid na téarmaí a gcuardaíonn tú chun torthaí a thabhairt duit.<br>• Bainimid úsáid as an seoladh IP a shanntar do do ghléas chun na sonraí a d'iarr tú a sheoladh chugat, mar shampla físeán YouTube a lódáil. | Braithfidh an fhaisnéis a phróiseálfar ar an gcaoi a n-úsáideann tú seirbhísí Google agus ar do shocruithe ach d'fhéadfadh sé seo a leanas a bheith san áireamh:<br>• Rudaí a chruthaíonn tú nó a sholáthraíonn tú dúinn:<br>  • Ábhar a chruthaíonn tú, a uaslódálann | Braithfidh na cúiseanna dlí chun an fhaisnéis seo a phróiseáil ar an gcaoi a n-úsáideann tú seirbhísí Google agus do shocruithe ach is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu:<br>• Chun **conradh a dhéanamh** leat, mar shampla físeán YouTube a lódáil nó d'ordú a phróiseáil, a chomhlíonadh agus a sheachadadh nuair a cheannaíonn tú seirbhísí nó earraí fisiciúla uainn. |

| An fáth agus an chaoi a bpróiseálaimid sonraí | Na sonraí a phróiseáiltear | Cúiseanna dlí |
|---|---|---|
| • Úsáidimid aitheantóirí uathúla a stóráiltear i bhfianáin ar do ghléas chun cabhrú linn thú a fhíordheimhniú mar an duine ar cheart rochtain a bheith aige/aici ar do Chuntas Google.<br>• Úsáidtear grianghraif agus físeáin a uaslódálann tú chuig Google Photos chun cabhrú leat albaim, colláisí agus saothair eile a chruthú, ar féidir leat iad a chomhroinnt.<br>• Nuair a cheannaíonn tú seirbhísí nó earraí fisiceacha uainn, úsáidimid do sheoladh poist nó do threoracha seachadta do rudaí amhail d'ordú a phróiseáil, a chomhlíonadh agus a sheachadadh agus chun tacaíocht a sholáthar maidir leis an táirge nó seirbhís a cheannaíonn tú.<br>• Próiseálaimid d'fhaisnéis íocaíochta nuair a cheannaíonn tú stóras breise do Google Drive.<br>• Is féidir linn faisnéis teagmhála (amhail ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist) | tú nó a fhaigheann tú (amhail grianghraif, físeáin, ríomhphoist, doiciméid agus scarbhileoga). Ceadaíonn Google Dashboard duit faisnéis a bhaineann le táirgí sonracha a bhainistiú.<br>• Faisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil dúinn nuair a chruthaíonn tú Cuntas Google (amhail d'ainm agus do phasfhocal, d'uimhir ghutháin, do dháta breithe nó d'fhaisnéis íocaíochta).<br>• Faisnéis a bhailímid agus tú ag úsáid ár seirbhísí:<br>  • Faisnéis faoi d'aipeanna, do | • Nuair is gá sin dár **leasanna dlisteanacha** agus do leasanna tríú páirtithe, lena n-áirítear:<br>  • **Seirbhísí a chur ar fáil, a chothabháil agus a fheabhsú chun riachtanais ár n-úsáideoirí a chomhlíonadh**. Mar shampla, úsáidimid faisnéis teagmhála (amhail ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist) na ndaoine a n-idirghníomhaíonn tú leo i dtáirgí Google chun é a dhéanamh níos éasca an duine atá á lorg agat a aimsiú nuair is mian leat faisnéis a chomhroinnt agus cumarsáid a dhéanamh leis na daoine sin i seirbhísí Google eile amhail Gmail, Photos agus Assistant.<br>• Le do **thoiliú**, mar shampla nuair a |

| An fáth agus an chaoi a bpróiseálaimid sonraí | Na sonraí a phróiseáiltear | Cúiseanna dlí |
| --- | --- | --- |
